Scoil Phobail Mhic Dara
Beartas maidir le Turais Scoile agus Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil

Is gné thábhachtach de churaclam cuimsitheach scoile é réimse leathan eispéiris seach-churaclaim a sholáthar, ina measc gníomhaíochtaí spóirt, ealaíne, ceoil, cultúrtha, liteartha, sóisialta agus spioradálta.

Aithníonn Scoil Phobail Mhic Dara gur gné luachmhar den phróiseas foghlama iad gníomhaíochtaí den sórt sin agus cuireann siad le forbairt oideachais, intinne, fisiciúla agus pearsanta an scoláire.
Cuirtear deiseanna ar fáil do scoláirí nach bhféadfaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha na scoile.
Cuireann múinteoirí agus baill foirne eile atá i mbun gníomhaíochtaí seach-churaclaim go leor ama deonach isteach ann.

Bíonn freagracht mhór ar mhúinteoirí maidir le turais agus gníomhaíochtaí. Bíonn orthu na socruithe ar fad a dhéanamh maidir leis an turas agus a bheith níos airdeallaí nuair a bhíonn siad ag tógáil scoláirí amach as an scoil. Caithfidh siad aird ar leith a thabhairt ar nithe mar shábháilteacht ar bhóithre, iompar ar an mbus, na rioscaí a bhaineann le hionaid áirithe agus aird a bheith acu i gcónaí ar shláinte agus ar shábháilteacht na scoláirí uile faoina gcúram.

Beidh discréid iomlán ag an scoil maidir le cé hiad na scoláirí a bheidh páirteach i dturais scoile. Is féidir cruthúnas a lorg ó scoláirí atá ag déanamh iarratais chun páirt a ghlacadh i dturas scoile go bhfuil said sásúil ó thaobh obair acadúil scoile, obair bhaile, iompar agus comhoibriú le húdaráis na scoile.

Clúdach Árachais
Cinnteoidh Údarás na Scoile go gcomhlíonann clúdach árachais na scoile nó árachas sheachtrach (gníomhaire turais nó Ionad) aon timpiste a d'fhéadfadh tarlú ó ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil.

Iompar
Beidh ar an té a bheidh ag eagrú an turais, bus a chur in áirithe, 3 mheastachán a fháil agus taifead a dhéanamh ar dháta an turais agus an comhlacht bus a úsáideadh.
Tá an tiománaí freagrach as sábháilteacht na scoláirí agus iad ag taisteal, ach tá sé de cheart ag múinteoirí idirghabháil a dhéanamh i gcásanna ina mbraitheann siad go bhfuil sábháilteacht na ndaltaí i mbaol.

Uaireanta d'fhéadfadh sé go mbainfí úsáid as carr múinteora/ball foirne chun taisteal chuig imeachtaí. Is é rogha an mhúinteora/ball foirne scoláirí a thabhairt ar thuras ina carr/charr féin. Caithfidh beirt eile ar a laghad a bheith sa charr don turas ar fad. Cinnteoidh an múinteoir/ball foirne lena c(h)omhlacht árachais chairr go bhfuil an clúdach árachais chuí aici/aige chun scoláirí a thabhairt ar thurais ina c(h)arr. Íocfaidh bainistíocht na scoile as aon chostas breise árachais a bheadh ar an múinteoir/ball foirne a fháil i gcomhair an turais, ach é a bheith pléite leis an mbainistíocht roimh ré.

Sláinte agus Sábháilteacht
- Caithfidh an bhainistíocht gach turas scoile a cheadú.

- Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóiri ar an eolas i scríbhinn nó i dtéacs faoi amchlár, imeachtaí agus éadaí cuí a bhíonn ag teastáil ar thuras nó do ghníomhaíochtaí spóirt, ealaíne, ceoil, cultúrtha, liteartha, sóisialta agus spioradálta. Freisin cuirtear ceist faoi aon fhadhbanna leighis atá ag an scoláire ar cheart don scoil a bheith ar eolas fúthu.
- Bíonn measúnú riosca ar an turas, imeacht nó gníomhaíocht déanta ag an scoil agus pléite le scoláirí roimh ré.
- Caithfear sonraí an turais chomh maith le liosta na scoláirí atá rannpháirteach a chur ar fáil don bhainistíocht agus d'fhoireann na scoile.

Treoracha Ginearálta

Cuirfidh an scoil na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun cuidiú leis an bhfoireann cúram maith a thabhairt do scoláirí:

- Réamheolas ar an turas agus sprioc an turais.
- Treoracha cinnte faoi am imeachta agus clár an turais.
- Cóimheas cuí múinteoirí/scoláirí ar an turas. D'fhéadfadh sé go mbeadh tuismitheoir/ball foirne san áireamh chun an cóimheas cuí seo a dhéanamh.
- Dualgas ar scoláirí crios sábhála a chaitheamh ar an mbus/ sa gcarr
- Má bhíonn scoláire ag fágáil an ionaid i rith an turais beidh ar an múinteoir bualadh leis an tuismitheoir/caomhnóir ag an ionad seachas ligint don scoláire imeacht as a stuaim féin.
- Tá freagracht ar thuismitheoirí scoláirí a bhailiú ag an scoil nuair a thiocfaidh an bus de réir clár ama an turais má bhíonn sé tar éis am oifigiúil dúnta na scoile. Ní scaoilfear scoláirí amach ar thaobh an bhóthar agus ní cheadófar iad a phiocadh suas ó thaobh an bhóthair.
- Ní mór do scoláirí ar bhusanna iad féin a iompar ar bhealach nach gcuireann isteach ar an tiománaí ná ar shábháilteacht paisinéirí agus úsáideoirí bóthair eile.
- Bíonn síntiús airgid le n-íoc le cabhrú le costas an bhus de ghnáth.
- Má tá teacht ag scoláire ar Chúntóir Riachtanais Speisialta téann an duine sin leo don ghníomhaíocht lasmuigh.
- Beidh boscaí bunúsacha Garchabhrach ar fáil chun déileáil le mionghortuithe.
- Beidh uimhir fón póca scoláirí ag múinteoirí agus uimhir teagmhála do mhúinteoir (fón scoile) ag scoláirí má bhíonn tréimhse neamhspleách ceadaithe do scoláirí ar thuras.
- Beidh ar scoláirí a bheith i ngrúpaí beirteanna ar a laghad don am neamhspleách sin.
- Cuirfear mionsonraí ar aon timpistí i bhfillteán timpistí na scoile.
- Déarfar le chuile scoláire má tharlaíonn sé go mbíonn siad scartha ón ngrúpa, nach mór dóibh fanacht i láthair ar leith nó teagmháil a dhéanamh le scoláire/ múinteoir eile trí théacs nó teileafón.
- Ní mór do scoláirí gan aon ábhar míchuí nó contúirteach a bheith ina seilbh.
- Ní chóir do scoláirí aon athrú a chur ar dhath gruaige nó aon ealaín choirp a fháil ar an turas.
- Má chuirtear an turas ar ceal ar aon chúis cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas chomh luath agus is féidir agus déanfar iarracht socruithe eile a dhéanamh.

Turas thar oíche (treoracha breise)

- Déanfar iarracht a chinntiú go bhfuil an t-ionad glan, sábháilte agus oiriúnach do na scoláirí roimh ré. I gcás malartuithe scoile, gheofar dearbhú ó údaráis na scoile chomhpháirtíochta go bhfuil na tithe atá á gcur ar fáil sábháilte, iontaofa agus failtiúil.
- Tabharfar liosta den éadach/trealamh a theastaíonn do na scoláirí

Beartas maidir le Turais Scoile agus Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil

- Cuirfear na scoláirí ar an eolas faoi phlean aslonnaithe i gcás dóiteáin
- Gheofar cead ó thuismitheoir/caomhnóir soláthar a dhéanamh do chúram leighis más gá é a sholáthar
- Beidh Plean na seomraí agus na scoláirí atá iontu ag múinteoir
- Beidh amchláir codlata, éirí agus amchláir an lae ag scoláirí agus tuismitheoirí
- Beidh córas feitheoireachta oíche, amchlár codlata, nósanna imeachta i leith cás éigeandála ar eolas ag na scoláirí
- Baileofar fón póca ó scoláirí san oíche

Turas thar lear (treoracha breise)

- Caithfidh an Bord Bainistíocht gach turas thar lear a cheadú.
- Beidh seisiún eolais ann do thuismitheoirí/chaomhnóirí/scoláirí
- Beidh clár imeachtaí ag scoláirí agus tuismitheoirí
- Beidh an cód iompair don turas léite, glactha agus sínithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí/scoláirí.
- Gheofar cead "in loco parentis" ar an bprionsabal dlíthiúil seo (in áit an tuismitheora) i gcás cóir leigheas dochtúra nó Ospidéil.
- Uimhir theagmhála don “Oibrí Turas” ag na múinteoirí, seoladh agus uimhir an óstáin.

Cód Iompair

Rialaíonn Cód Iompair na scoile iompar scoláire i rith na ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil. I gcásanna an-tromchúiseacha, d’fhéadfaí an scoláire a chur abhaile ó thuras scoile. I gcás ar bith den sórt sin, féadfar iarraidh ar thuismitheoirí na scoláirí
(a) teacht agus an scoláire a thabhairt abhaile nó
(b) a aontú go mbeadh an scoláire in ann taisteal abhaile gan tionlacan ach faoi chúram an fhoireann aerlíne.
I gcás tréimhsí thar oíche in Éirinn is féidir go n-iarrfaí ar thuismitheoirí scoláire
(a) teacht agus é/í a bhailiú agus a thabhairt abhaile nó
(b) a aontú go dtabharfadh múinteoir abhaile é/í.

Caithfidh an scoláire agus a t(h)uismitheoirí na costais go léir i gcásanna den sórt sin a íoc.

Cumhdach Leanaí

Má bhíonn gníomhaíochtaí lasmuigh den scoil i gceist le suíomhanna agus daoine atá seachtrach d'áitreabh / pobal na scoile tá dualgas breise ar údaráis na scoile a chinntiú go mbíonn dea-chleachtas i gcónaí ann ag teacht leis na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017.*

Monatóireacht ar an bpolasaí.

Déantar monatóireacht seasta ar thurais Scoile agus Gníomhaíochtaí Lasmuigh den Scoil, Turais thar oíche agus turais thar lear. Tar éis gach turas, má bhíonn aon imní faoi shabháilteacht, nós imeachtaí an ghnímh, maoirseacht an ionaid, feiliúnacht an imeachta, déanfar leasú dá réir.

Measúna ar an mbeartas

Déanfar measúna go bliantúil. Déanfar aon leasú chun a chinntiú go bhfuil scoláire ag baint tairbhe as na deiseanna, go bhfuil an eispéireas ar ardchaighdeán. Déanfar cinnte i gcónaí go bhfuil ardbhéim ar Shláinte agus ar Shábháilteacht.

Athbhreithniú agus leasú ar an mbeartas

Féadfar an beartas seo a athbhreithniú agus leasuithe a dhéanamh agus cuirfear pobal na scoile ar an eolas dá réir sin.

Sínithe: ----------

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

Dáta:----------